Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Feabhra 2019
(OR. en)

6553/19

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0074(COD)

CODEC 468
PECHE 72

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic éisc in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus do na hiascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 23 Márta 2018, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 19 Meán Fómhair 2018[2].

3. Ar an 12 Feabhra 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

[1] 7245/18.
[2] IO C 440, 6.12.2018, lch. 171.
[3] 6208/19.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 78/18 é, a fhormheas mar ítim "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

– a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá in aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin agus go ndéanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* mar aon leis an ngníomh reachtach;

– a ordú go ndéanfar na ráitis atá in aguisín 2, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.